

# *Die araner mundart*<sup>1</sup> (1899) agus Canúintí Oileáin Árann

BRIAN Ó CATHÁIN,  
*Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

**I**s éard a chuir mé romham san alt seo plé a dhéanamh ar roinnt tréithe a fhaightear i nGaeilge Oileáin Árann an lae inniu agus ar fhorás na dtréithe seo ó dheireadh na naoú haoise déag anuas.<sup>2</sup> Chuige seo bhain mé leas as ar tiomsaíodh d'eolas ar Ghaeilge Oileáin Árann – idir eolas foilsithe agus neamhfoilsithe. Ina theannta seo shíl mé gurbh fhiú tagairt a dhéanamh do thuairiscí eile ar chanúintí de chuid na Nua-Ghaeilge nuair ba ghá sin – go háirithe do Ghaeilge Chontae an Chláir. Sula dtabharfar faoin bplé seo, áfach, ba mhaith liom breathnú ar dtús ar dhá ghné eile den scéal a chuirfidh lena mbeidh le rá agam. Siod iad an dá ghné atá i gceist agam: (1) cúlra fhoilseacháin Franz Nikolaus Finck agus Holger Pedersen i réimse chanúineolaíocht na Nua-Ghaeilge; (2) an téarmaíocht a bhaineann le hainmneacha Oileáin Árann.

## **1. An cúlra a bhaineann le foilseacháin F. N. Finck agus H. Pedersen i réimse chanúineolaíocht na Nua-Ghaeilge**

Chaith F. N. Finck<sup>3</sup> ceithre mhí as a chéile in Oileáin Árann i samhradh na bliana 1895. Bhí sé tar éis ceithre mhí a chaitheamh in Iarthar na hÉireann roimhe seo agus é ag iarraidh eolas a bhealaigh a fháil. Tá cuid mhaith tagairtí le fáil in *Die araner mundart* (DAM feasta) d'fhoirmeacha a bhailigh sé le linn an chéad cheithre mhí.<sup>4</sup> Ní luann sé ainmneacha a chuid faisnéiseoirí, áfach – mar a tharlaíonn freisin, cuid mhaith, i gcás a chuid foilseacheán a bhaineann

<sup>1</sup> Finck 1899 – cloímhse le córas ortagrafaíochta an leabhair féin – m.sh., úsáidtear mionlitreacha i gcás ainmfhocal; úsáidtear 'dass' in áit 'daß' srl.. Maidir le comharthaí foghraíochta an leabhair d'athraigh mé iad agus bhain mé leas as na comharthaí a fhreagraíonn dóibh a úsáidtear in de Bhaldráithe 1975<sup>3</sup>. Seasann 'I' agus 'II' don dá imleabhar atá sa leabhar.

<sup>2</sup> Leagan forbartha Gaeilge é an t-alt seo de pháipéar Gearmáinise faoin ábhar céanna a léadh ag an *Zweites Deutsches Keltologensymposium* i mBonn na Gearmáine an 04.04.1997.

<sup>3</sup> Tá achoimre shuimiúil ar shaothrú F. N. Finck (1867 – 1910) i réimsí uile na teangeolaíochta le fáil in Wahrig-Burfeind 1986. Liosta iomlán a chuid foilseachán – móide léirmheasanna – atá in Wahrig-Burfeind 1986a.

<sup>4</sup> Féach, mar shampla, na háiteanna seo a leanas a luann sé le focail áirithe in DAM: 'Clare' (II, 4); 'Westirland' (I, 139); 'Munster' (II, 16, 83 srl.); 'Connemara' (II, 18, 126 srl.); 'Galway' (II, 18, 109 srl.).

le Gaeilge Oileáin Árann. Ba mhaith liom aghaidh a thabhairt ar na foilseacháin úd anois. Mar a dúradh cheana, chaith Finck ceithre mhí in Oileáin Árann sa bhliain 1895.<sup>5</sup> Trí fhoilseachán a bhí mar thoradh ar an taighde a rinne sé: Finck 1896, Finck 1896a, agus Finck 1899. Seo i mo dhiaidh cuntas gearr orthu.

Is éard atá in Finck 1896 alt a cuireadh i gcló san iris *Zeitschrift des Vereins für Volkskunde*. Is é ábhar an ailt ceithre hortha a bhailigh Finck in Árann<sup>6</sup> agus a bhreac sé síos i litriú foghraíochta. Pléann Holger Pedersen (Pedersen 1896) an t-alt seo in alt dá chuid féin san imleabhar céanna den iris – siod-é an chéad ábhar a d'fhoilsigh Pedersen i réimse na Ceiltise, chomh fada le m'eolas-sa.

Is éard atá in Finck 1896a<sup>7</sup> an *Habilitationsschrift* a chuir Finck faoi bhráid Ollscoil Mharburg. Deir Finck (1896a: [iii]) gurb éard a chuir sé faoi sa leabhar: 'an léiriú is cuimsithí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar stórfhocal chanúint Oileáin Árann' ('die möglichst erschöpfende lexikalische darstellung der auf den Araninseln gesprochenen mundart'). Rinne Stern léirmheas ar an leabhar seo – Stern 1899.<sup>8</sup>

Is é Finck 1899 – DAM – an tríú foilseachán atá i gceist. Tá dhá imleabhar sa leabhar seo. Cúrsaí foghraíochta, deilbhíochta agus comhréire a phléitear in imleabhar I. Is éard atá in imleabhar II an foclóir a bhí foilsithe ag Finck cheana féin sa bhliain 1896. Ag deireadh DAM tá aguisín fíorthábhachtach le fáil – is éard atá ann tuairim agus caoga leathanach de cheartúcháin agus d'aguisíní a bhaineann le himleabhar II de DAM. Holger Pedersen is mó is cúis le cuid mhaith den ábhar a thugtar sa chuid seo den leabhar. Rinne na daoine seo a leanas léirmheas ar DAM: Pedersen 1900 (an léirmheas is tábhachtaí); Zimmer 1900; Stern 1901; Thurneysen 1902; Meringer 1902 – ní luaitear na trí léirmheas deiridh seo in Best 1992<sup>3</sup>.

Tá dearmad ar Mhühlhausen (1942:131) agus é ag caint ar an dara imleabhar de DAM nuair a deir sé faoi gurb éard atá ann leagan forbartha ('eine erweiterte Bearbeitung') d'Fhinnck 1896a – is éard atá mé a rá gurb ionann an foclóir in DAM agus an ceann a d'fhoilsigh Finck sa bhliain 1896. Ní mar a chéile, ámh, an réamhrá atá sa dá fhoilseachán. Is mór is fiú an réamhrá in Finck 1896a a léamh.

Míbhuntáiste de na míbhuntáistí a bhaineann le DAM is ea nach dtugann Finck ach fíorbheagán eolais dúinn i dtaobh na bhfaisnéiseoirí a bhí aige i gcomhair an leabhair. Ciallaíonn sé seo freisin nach féidir linn a dhéanamh amach ach go fíorannamh cén áit go díreach a bhfuair Finck ábhar DAM. Tá

<sup>5</sup> Tá dearmad ar Tristram (1990: 33) a deir go ndeachaigh Finck isteach go hOileáin Árann faoi dhó.

<sup>6</sup> An t-oileán mór atá i gceist agam – pléifear úsáid ainmneacha Oileáin Árann thíos.

<sup>7</sup> Tá an leabhar seo in easnamh in Best 1992<sup>3</sup>.

<sup>8</sup> Tá an t-alt seo in easnamh in Best 1992<sup>3</sup>.

an chosúlacht ar an scéal gur shíl Finck nach raibh ach canúint amháin i dtrí hOileán Árann – féach, mar shampla, na leaganacha seo cainte:

- an teideal a d'úsáid sé in Finck 1896a;
- 'die ... darstellung der auf den Araninseln gesprochenen mundart. ... Die gewählte mundart ... (Finck 1896a: [iii]);
- ... die auf den Araninseln gesprochene mundart (I, 1).<sup>9</sup>

Tá a fhios againn mar sin féin go ndeachaigh Finck isteach go trí hOileán Árann – tá logainmneacha agus ainmneacha iontas le fáil in DAM a bhaineann leis na hOileáin uilig. Seo i mo dhiaidh cuid acu seo a luaitear ann:

*Árainn* – Aill na nGlasóg (II, 23); Cill Éinne (II, 18); Fearann an Choirce (II, 107); Na Seacht dTeampaill (I, 47); Teampall Bhreacáin (I, 66); Teampall Mhic Duach (II, 62); Tobar Éinne (II, 62); Dabhach Éinne (II, 62).

*Inis Meáin* – [An] Bóthar Nua (II, 48); Dún Chonchúir (II, 73); Trách[t] nEach (II, 22).

*Inis Oírr* – [An] Suíochán (II, 228) 'St. Coemhan's kirche' [= Teampall Chaomháin] (II, 49).

Chomh maith leis seo tugann Finck roinnt sonraí corruair in DAM maidir le foinsí a chuid eolais: féach, mar shampla:

*Árainn* – 'Marc O'Flaherty<sup>10</sup> ... Kilronan' (II, 250);

*Inis Meáin/ Árainn/ Inis Oírr* – 'Die form ... ist mir auf Inisheer mitgeteilt worden. Ich erinnere mich nicht, sie auf den beiden anderen inseln gehört zu haben.' (II, 267);

*Inis Oírr* – 'Michael Costelloe<sup>11</sup> ... Inisheer' (II, 261; 264; 265).

<sup>9</sup> Lena cheart a thabhairt dó níor mhór a lua go n-admhaíonn Finck (1896a: [iv]) gur chóirigh sé féin ar bhailigh sé le go mbeadh sé in ann a chuntas a chur ar fáil: 'Eine durchsicht meiner phonetischen aufzeichnungen liess mich nun eine solche fülle von individuellen eigentümlichkeiten sehn, dass ich zu einer gewissen abstraktion gezwungen wurde, falls ich nicht auf eine grammatische und lexalische behandlung verzichten wollte.' Maidir leis an mbunábhar a bhailigh Finck in Oileáin Árann caithfidh mé a rá nár fhéad mé a theacht ar aon rian de pháipéir ná de *Nachlaß* F. N. Finck in aon áit sa Ghearmáin.

<sup>10</sup> Tá a thuilleadh eolais faoi le fáil in Pedersen/Munch-Pedersen 1994: xvii-xx.

Is í an fhadhb a bhaineann le DAM, mar sin, gurb éard atá le fáil ann ábhar a bhailigh Finck i dtrí Oileán Árann ach nach féidir a rá ach go fforannamh cé uaidh nó cén áit go díreach a bhfuair sé an t-ábhar. Ní dóigh liom, dá réir sin, go bhfuil aon bhunús lena bhfuil le rá ag Wagner (1958: 26) agus é ag caint faoi staid na Gaeilge in Oileáin Árann: 'It was on the main Island that F. N. Finck collected the material for his monograph *Die Araner Mundart* (Marburg 1899), ...'<sup>12</sup> Ba mhór an cúnamh é dúinne sa lá atá inniu ann dá bhféadfadh muid glacadh lena leithéid, ach níl aon fhianaise againne – chomh fada le m'eolas-sa – gur féidir.

Ba mhaith liom cuntas gearr a thabhairt anois ar a ndearna Holger Pedersen i réimse chanúineolaíocht na Nua-Ghaeilge. Chaith Pedersen beagnach ceithre mhí go leith in Árann amháin .i. san oileán mór idir 1895-6. Bhí Finck imithe nuair a chuaigh Pedersen isteach go hÁrann. Tar éis dó roinnt oibre a dhéanamh le faisnéisneoirí difriúla thosaigh Pedersen ag obair go príomhúil le faisnéiseoir amháin – Máirtín Ó Conghaile (Máirtín Neile) an t-ainm a bhí air. Bhí cónaí airsean i mBaile na Craige. Bhailigh Pedersen seanscéalta, amhráin, tomhaiseanna, seanfhocail, agus ábhar eile béaloidis uaidh. I measc na rudaí eile a rinne Pedersen chuir sé foclóir den chanúint le chéile a bhfuil breis agus trí mhíle focal ann. Cé go raibh sé i gceist ag Pedersen (breathnaigh Pedersen 1896: 192) cuid mhaith dá bhailiúchán a fhoilsíú i bhfoirm leabhair, ní dhearna sé a leithéid riamh. D'fhoilsigh sé corrshampla a bhaineann leis an mbailiúchán i bhfoilseacháin eile dá chuid – Pedersen 1897 (a thráchtas dochtúireachta); Pedersen 1899; 1909-13. Tá an chosúlacht ar an scéal, áfach, nach raibh Pedersen iomlán sásta lena raibh bailithe aige – féach Sommerfelt 1954. Tá an bailiúchán féin ar coimeád sa Leabharlann Ríoga, Copenhagen, sa lá atá inniu ann, agus tá codanna de curtha i gcló ag Ole Munch-Pedersen – féach, mar shampla, Munch-Pedersen 1989 agus Pedersen/ Munch-Pedersen 1994. Tá eolas eile maidir le Gaeilge Árann le fáil sna litreacha a chuir Pedersen chun na Danmhairge le linn dó a bheith in Árann – foilsíodh na litreacha ina n-iomláine in Bentzen 1994. Foinse thábhachtach eile eolais maidir lena bhailigh Pedersen is ea na ceartúcháin agus na hagusíní a chuir sé chuig Finck tar éis dó Finck 1896a a léamh – mar a luaigh mé ar ball tá na ceartúcháin seo le fáil in DAM. Ní mór a rá, ámh, nár thug Finck an ceart do Phedersen i gcónaí: is minic nach dtugann sé go díreach

<sup>11</sup> Tá a fhios againn ó fhoinsí éagsúla comhaimseartha gur leis an gCoistealach seo teach ósta Inis Oírr ag an am agus go mbíodh sé ag cur lóistín ar fáil chomh maith – féach, mar shampla, David H. Greene/ Edward M. Stephens (1959) *J. M. Synge: 1871-1909* (The Macmillan Co.: New York) lch. 131: 'For his last visit to Aran, Synge stayed about twenty-five days and spent all of them on Inishere. He probably stayed at Michael Costello's public house which served as an inn. He returned to Dublin on November 9<sup>th</sup> [1902]'. Glacaimse leis gur fhan Finck tigh an Choistealaigh agus é istigh in Inis Oírr agus gurb in é an fáth a luann sé an Coistealach mar fhaisnéisneoir.

<sup>12</sup> Tá ráiteas den chineál céanna déanta ag Ó hUiginn (1994: 539).

a ndúirt Pedersen leis. Is minic freisin a ghiorraíonn sé a raibh le rá ag Pedersen. Tá a fhios sin againn ó na buncheartúcháin a chuir Pedersen chuig Finck – tá na buncheartúcháin seo ar coimeád i gCopenhagen chomh maith sa chaoi is gur féidir linn iad a chur i gcomparáid leis na leaganacha a foilsíodh in DAM. Tá mé féin ag obair ar alt ina ndíreofar ar na difríochtaí atá ann idir an dá fhoinse.

Le clabhsúr a chur leis an gcuntas beag seo ba mhaith liom a rá nach bhfuil Breathnach agus Ní Mhurchú (1997: 61; 260-1) cruinn a ndóthain sna cuntais a thugann siad ar bheathaí F. N. Finck agus H. Pedersen. Ní bhaineann sé le hábhar an pháipéir seo gach uile mheancóg a rinneadh ann a tharraingt anuas, ach ní mór dom rud amháin ar a laghad a cheartú: níl aon fhianaise feicthe agamsa a thabharfadh le fios gurbh éard a bhí in Finck ‘deisceabal de chuid Holger Pedersen’. B’fhéidir go bhfuil údair an leabhair ag brath ar ráiteas den chineál céanna a rinne Robinson (1992: 138 agus 1995: 128) – ní luann Breathnach agus Ní Mhurchú foinse a ráitis.

## 2. An téarmaíocht a bhaineann le hainmneacha Oileáin Árann

Ba mhaith liom plé áirithe a dhéanamh anois ar an téarmaíocht a bhaineann le hainmneacha na nOileán. Seo i mo dhiaidh an téarmaíocht a úsáidimse: tugaimse ‘Árainn’ ar an oileán mór amháin; tugaim ‘Inis Meáin’ ar an oileán láir agus tugaim ‘Inis Oírr’ ar an gceann is lú. ‘Oileáin Árann’ an téarma a úsáidim agus mé ag tagairt do na hoileáin go ginearálta. Is maith is fiú brí an téarma ‘Árainn’ ach go háirithe a leagan síos go beacht arae is léir go n-úsáideann Finck an téarma ‘Aran’ agus ‘Oileáin Árann’ nó ‘oileán d’Oileáin Árann’ i gceist aige – féach, mar shampla:

- ‘... dass ich vier mal so lange auf Aran war, als Pedersen, d.h. den aufenthalt auf allen drei inseln zusammengerechnet’ (II, 261);
- ‘“Wo aufgezeichnet? Auf Aran? Pedersen.” Ja, auf Inisheer.’ (II, 264);
- ‘Ich habe das ... in der mehrzahl der fälle gehört, wenigstens auf Aran. In Galway habe ich allerdings häufiger ... gehört’ (II, 272);
- ‘Die nordinsel, Inishmore [offiziell Aran] ...’ (II, 17).

Faraor géar tá an míchruinneas céanna maidir le brí an téarma ‘Árainn’ ag baint le cuid mhaith de na foilseacháin a phléann Gaeilge Oileáin Árann ó aimsir Fhinck i leith. Baineann sé seo le Ó Máille 1927; Ó Murchú 1991 agus 1992; Ó hUiginn 1994; mar shampla. Ní mhíníonn na scoláirí seo céard go díreach atá i gceist acu le ‘hÁrainn’ – is minic a bhíonn an dá bhrí leis an ainm: (i) an t-oileán mór leis féin; (ii) Oileáin Árann i gcoitinne. Ní luafaidh mé anseo ach dhá shampla den mhíshoiléireacht seo:

(1) Is é an teideal atá ar Ó Murchú 1991: ‘Nótaí Canúna ó Árainn, Co. na Gaillimhe’ – ní thugtar sainmhíniú ar ‘Árainn’ .i. ní léir go minic an nótaí iad

seo a bhaineann le canúint an oileáin mhóir nó le trí hoileán Árann. Ar an gcéad leathanach den alt deir Ó Murchú an méid seo: ‘Ní dhéantar aon iontas de inniu gur aon chanúint amháin atá in Árann agus i gConamara. Is le Contae na Gaillimhe a bhaineann na hoileáin seo maidir le riarachán, seirbhísí taistil, tráchtáil, agus eile.’ Is léir ón abairt seo go gciallaíonn ‘Árann’ ‘Oileáin Árann’ anseo. Ar an leathanach céanna den alt deir Ó Murchú go bhfuil sé ‘faoi chomaoin ag Éamonn Ó Tuathail (as Árann) as an alt a léamh’ – an t-oileán mór atá i gceist aige san abairt seo, arae ba as Craig an Chéirín, Árann, d’Éamonn Ó Tuathail – beannacht Dé lena anam.

(2) Deir Ó hUiginn (1994: 591) an méid seo: ‘Tá /g’əu/ in Árann (LASID I, 86)’ – tá doiléire ag baint leis an téarma ‘Árann’ anseo chomh maith, mar is léir ó LASID I (= Wagner 1958a) gur bailíodh an fhoirm seo ní ar an oileán mór ach in Inis Oírr. Sa chás áirithe seo baineann tábhacht faoi leith le húsáid cheart an téarma ‘Árann’ sa mhéid is gur féidir linn a rá gur saintréith shuntasach de Ghaeilge Inis Oírr í an fhoirm seo – níl sí cloiste agam i nGaeilge Árann ná i nGaeilge Inis Meáin.<sup>13</sup>

Is é an moladh a dhéanfainn féin mar sin go n-úsáidfí an téarma ‘Árann’ feasta i gcomhair an oileáin mhóir amháin – leanann sé seo (i) nós cainte na seanchainteoirí in Oileáin Árann féin<sup>14</sup> agus i gConamara, is cosúil;<sup>15</sup> (ii) an leagan oifigiúil Gaeilge d’ainm an oileáin ar shocraigh Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis air.<sup>16</sup>

D’fhéadfaí an téarma ‘Inis Mór’ a úsáid in áit ‘Árann’ – téarma é ‘Inis Mór’ atá coitianta i gcaint na gcainteoirí óga in Oileáin Árann féin – cé gur cosúil nach bhfuil aon bhunús stairiúil leis.<sup>17</sup>

<sup>13</sup> Saintréith í freisin sa mhéid is go malartaíonn fáistineach/ coinníollach an bhriathair ‘faigh’ agus fáistineach/ coinníollach an bhriathair ‘gabh’ le chéile i nGaeilge Inis Oírr – féach Ó Catháin 1993: 203-4. Faightear an tréith chéanna seo i nGaeilge an Chláir chomh maith, féach, mar shampla, Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981: ‘geó tú sin’ (108); ‘geó mise leis’ (239).

<sup>14</sup> Féach, mar shampla, an plé a dhéantar in Ó Flannagáin 1985: 9.

<sup>15</sup> Féach, mar shampla, (i) Hartmann *et al.* 1996, Iml. II, 298; (ii) Mac an Iomaire 1938: 111: ‘Tamall siar ó Árann Mhóir bhí an-chosamhlacht éis maidir le faoilleáin bheaga agus éanacha dubha ... Nuair a bhí na líonta i bhfairrge tharraing siad siar muid leis an sruth taoille trágha i n-aghaidh na gaoithe, na Sgeirdí siar adtuaidh uainn agus ailltreacha Árann siar uainn ag éirge díreach ó’n bhfairrge na céadta troigh.’

<sup>16</sup> Féach *Gasaitéar na hÉireann* 1989: 6. Tuairiscíonn Ó Máille (1957: 55) an seanainmneach den ainm – ‘Ára (Mhór)’ – a bheith beo chomh maith i gcaint Árann.

<sup>17</sup> Breathnaigh Robinson 1992: vii: ‘The largest of the three islands is called Árann (...) or Árann Mhór (...); the latter name was anglicized as Aranmore or Arranmore. Nowadays the name Aranmore is reserved for the island off Co. Donegal. Perhaps it was to avoid confusion with the Donegal island that the Ordnance Survey in 1839 introduced the name Inishmore for the big island, in line with the anglicized forms of

Mholfainnse chomh maith go n-úsáidí an téarma 'Oileáin Árann' mar théarma ginearálta – níl an téarma Conamaraíoch 'na hÁrainneacha(i)',<sup>18</sup> cloiste agamsa in Oileáin Árann féin. Tá géarghá lena leithéid de chruinneas agus muid ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí atá ann idir canúintí Oileáin Árann, ach go háirithe.

**Cuntas ar roinnt tréithe ginearálta de Ghaeilge Oileáin Árann agus ar roinnt tréithe idirdhealaitheacha de chanúintí Gaeilge Oileáin Arann**

Ba mhaith liom cupla tréith ghinearálta de Ghaeilge Oileáin Árann a lua anois sul má luífidh mé isteach ar roinnt de na tréithe idirdhealaitheacha a bhaineann le hoileán amháin nó le hoileáin áirithe.

Téann Gaeilge Oileáin Árann le Gaeilge Chois Fharráige *śa* mhéid is gurb iondúil go dtéann 'th' ar ceal (i) idir gutaí;<sup>19</sup> (ii) tar éis consan neamhghlórach móide 'l', 'm', 'n' agus 'r' – tugtar samplaí díobh seo faoi (i) agus (ii) thíos. Chomh maith leis seo téann 'ch' caol idir gutaí ar ceal mar a tharlaíonn i nGaeilge Chois Fharráige – féach (iii):

*Oileáin Árann* – (i) **bo:r** 'bóthar'; (ii) **k'api:** 'ceaptha'; **aru:** 'athrú'; (iii) **i:** 'óiche'.

Má bhreathnaíonn muid siar ar a bhfuil in DAM maidir leis na pointí seo, tabharfaidh muid faoi deara nach mar an gcéanna a bhí an córas tá breis agus céad bliain ó shin. Tá an méid seo le sonrú ar ábhar DAM (i) ceadaíodh réalú nó neamhréalú an 'th' agus é idir gutaí; (ii) níor réaláíodh 'th' tar éis consan neamhghlórach móide 'l', 'm', 'n', 'r'; (iii) ceadaíodh réalú nó neamhréalú 'ch' chaoil idir gutaí. Féach na samplaí seo a leanas:

**DAM** – (i) **kahə / ka:** 'caitheamh' (II, 150); (ii) **stopi:** 'stoptha' (I, 143); **kurə** 'curtha' (II, 161); (iii) **drehəd / dre:d** 'droichead' (I, 85); **k'i:** / **k'i:hə** 'cíche' (I, 168).

Díol spéise é nach nglacann Pedersen le réalú 'th' idir gutaí ar chor ar bith – féach an plé idir é féin agus Finck in DAM II, 251-2. Murar chuala Pedersen a

the neighbouring islands' names, Inishmaan and Inisheer, and despite the fact that there was no Irish form Inis Mór (...) to be anglicized.'

<sup>18</sup> Féach, m.sh., DAM II, 18; Hartmann *et al.* 1996, Iml. 1: 330; Ó Máille 1957:55 – tugann an Máilleach le fios, ámh, gur chuala sé an téarma seo á úsáid in Árainn féin.

<sup>19</sup> Cloistear an 'th' uaireanta nuair is caint mhall nó caint mheáite atá i gceist. Bíonn forcheartú le cloisteaíl amanta freisin .i. go gcuirtear isteach an 'th' áit nach bhfuil aon bhunús stairiúil leis – féach an sampla seo a leanas as Inis Oírr atá le fáil in Wagner 1966: 141, ceist 195: **ka:r** (*or kahər*) **asəl'** ['carr asail']. Faightear an forcheartú céanna i nGaeilge Chois Fharráige (de Bhaldráithe 1975<sup>3</sup>: §569) agus i nGaeilge na Ceathrún Rua (Dillon 1962: 578).

leithéid in Árann an féidir linn a mhaíomh go mb'fhéidir go raibh an nós an 'th' a choinneáil níos coitianta in Inis Meáin agus in Inis Oírr ag an am ó tharla go bhfuil a fhios againn gur bhailigh Finck cuid d'ábhar DAM istigh sa dá oileán sin chomh maith le hÁrann, nó an é go mbaineann imeacht as an 'th' díreach le luas na cainte?<sup>20</sup>

Ba mhaith liom anois aghaidh a thabhairt ar roinnt tréithe a idirdhealaíonn Gaeilge oileáin amháin ó Ghaeilge oileáin eile sa lá atá inniu ann. An chéad tréith a bheas mé a phlé baineann sí le Gaeilge Árann go príomhúil. Is éard atá i gceist agam aonfhoghrú an défhoghair [iə] go [e:].

Maidir leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí sa lá atá inniu ann, féadfaidh muid a rá gur saintréith é an t-aonfhoghrú seo de Ghaeilge Cheann Thoir Árann – .i. ó Chorrúch go Iar-Áirne. Sa Cheann Thiar .i. ó Fhearann an Choirce go Bun Gabhla ní fhaightear a leithéid d'athrú. Caithfear a rá freisin gur athrú roghnach é an t-aonfhoghrú seo i nGaeilge an Chinn Thoir – cloistear idir an défhoghar agus an guta glan ag malartú i gcaint an fhaisnéiseora chéanna. Seo roinnt samplaí den fheiniméan seo:<sup>21</sup>

**Ceann Thoir Árann** – **je:r** 'siar'; **he:r** 'thiar'; **je:d** 'siad'; **b'l'e:n'** 'bliain'.

Má bhreathnaíonn muid anois ar Ghaeilge Inis Meáin agus ar Ghaeilge Inis Oírr, feicfidh muid nach bhfaightear a leithéid d'aonfhoghrú ach go hannamh. Seo iad na samplaí de atá aimsithe agamsa go nuige seo:

**Inis Meáin** – **ma:d'ə e:tə** 'maide iata'<sup>22</sup>; **m'ias / m'e:f** 'mias'<sup>23</sup>; **e:d** 'iad'<sup>24</sup>; **d'e:s** 'dias'.<sup>25</sup>

<sup>20</sup> Féach DAM (I, 84): 'Wortinlautendes *h*, das bei flüchtiger aussprache oft ganz schwindet, ...'

<sup>21</sup> Is ó Anna Ní Iarnáin (Nan Ellen) as Corrúch a bhailigh mé na samplaí seo in Earrach na bliana 1993. Rugadh Anna sa bhliain 1918. Is i gCorrúch a rugadh agus a tógadh í, agus is ann a chaith sí a saol. Bhásaigh sí 1999, solas na bhFlaitheas dá hanam uasal.

<sup>22</sup> Ó Siadhail 1978: 10. Tugtar faoi deara go n-abraíonn Ó Siadhail an méid seo chomh maith: 'Tá an t-athrú [iə] → [e:] annamh.'

<sup>23</sup> Ó Siadhail 1978: 27.

<sup>24</sup> Wagner 1966: 151, ceist 89 – féach freisin ceist 57.

<sup>25</sup> Wagner 1966: 155, ceist 661 agus 662.



*Inis Oírr*<sup>26</sup> – ‘éigcéillta’ [3x];<sup>27</sup> ‘Dé (bheatha)’;<sup>28</sup> ‘(Sciathán) Scéalghlas’ [8x];<sup>29</sup> ‘(ins a’) gcléibh’.<sup>30</sup>

Maidir le míniú a thabhairt ar na foirmeacha ‘méis’ agus ‘déas’ caithfear infhilleadh stairiúil na bhfocal seo a chur san áireamh freisin – d’fhéadfadh ainmneach nua a theacht chun cinn de bharr ghinearálú fhoirmeacha an chuspóirigh nó an tabharthaigh.<sup>31</sup> Is léir freisin ó (*Contributions to a Dictionary of the Irish Language* go dtéann ‘é’ sa dá fhocal seo siar i bhfad i stair na Gaeilge – mar sin ní féidir glacadh leis go habsalóideach gur athrú sioncronach é an t-aonfhoghrú sa dá chás seo.

Faightear an t-aonfhoghrú ‘ia’ go ‘é’ i gcanúintí eile na Gaeilge (agus na Gàidhlig), ar ndóigh. Ní luafaidh mé anseo ach trí chanúint eile Chonnachtachta ina bhfaightear a leithéid – Gaeilge Chois Fharraige (féach de Bhaldráithe 1975<sup>3</sup>: § 557; de Bhaldráithe 1953: § 107), Gaeilge Thuar Mhic Éadaigh (féach de Búrca 1970: § 79 agus § 420) agus Gaeilge Iorrais (féach Mhac an Fhailigh 1980<sup>2</sup>: § 295). Ní heol domsa, áfach, go mbaineann feidhm chomh hidirdhealaitheach leis an athrú seo in aon chanúint eile.

Má théann muid siar anois chuig DAM feicfidh muid go dtugann Finck cuntas ar an aonfhoghrú seo:

**DAM** – ‘Häufig erscheint *e*: an stelle des diphthongen *iə*, namentlich bei schwacher betonung und nachlässiger aussprache. So wechseln *fiəd* und *f e:d* ziemlich regelmässig je nach der betonung. *e*: statt *iə* wird fast

<sup>26</sup> Fuarthas na samplaí seo uilig i lss. phríomhbhailiúchán Roinn Bhéaloideas Éireann (RBÉ feasta). Is ó Sheosamh Ó Flaithearta (Joe Mháirtín), Baile an Chaisleáin, a mhair c. 1879-1965, a bailíodh iad sna blianta 1957-8.

<sup>27</sup> RBÉ 1544: 21; 23; 24. Tugtar faoi deara go bhfaightear ‘éigciallta’ [2x – RBÉ 1544: 322; 1638: 98], ‘éigciallda’ [5x – RBÉ 1488: 163; 165; 168; 170; 209], agus ‘éigcialltaí’ [RBÉ 1488: 464] ag an gcainteoir céanna chomh maith de réir na lss.. Tuairiscíonn de Bhaldráithe (1975<sup>3</sup>: § 603) *e:g e:l* ‘éigcéill’ a bheith i nGaeilge Chois Fharraige.

<sup>28</sup> RBÉ 1637: 225. Tugtar faoi deara go bhfaightear ‘Dia bheatha’ [2x – RBÉ 1638: 95; 100] ag an gcainteoir céanna de réir na lss..

<sup>29</sup> RBÉ 1488: 477 [4x]; 478 [2x]; 479 [2x]. Ainm carachtair é seo atá le fáil sa scéal ‘Luathéadrom’ (RBÉ: 1488: 464-485) ar leagan é den scéal ‘Conall Gulban’. Glacaimse leis gur leagan é den ainm ‘(Sciathán) Sciath-Ghlas’ atá le fáil sa scéal ‘Conall Gulaban’ atá in Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981: 28-56.

<sup>30</sup> RBÉ 1637: 330. Faightear an fhoirm ‘cliabh’ mar ainmneach uatha i nGaeilge Inis Oírr freisin – féach Wagner 1966: 144, ceist 580: *k’Yi:əv pl. k’Ye:v*. Faightear malartú idir ‘cliabh’ agus ‘cléabh’ i nGaeilge Chois Fharraige (féach de Bhaldráithe 1975<sup>3</sup>: § 404).

<sup>31</sup> Breathnaigh Ó hUiginn 1994: 563. Maidir leis an bhfoirm ‘méis’ ní mór a rá go raibh sí sa chaint ag Máirtín Neile chomh maith – pléifear thíos í.

ausnahmslos gebraucht in *d'é:gə* ['diaga'] ...; *d'é:n* ['dian'] ...; *d'é:s*<sup>32</sup> ['dias'] ...; *d'ré:xt* ['draíocht' (sic)] (vgl. II, 269, 6) ...; *d'é:* ['Dé' < 'Dia'] (I, 16).

Tugaim anseo roinnt samplaí eile den mhalartú seo a d'aimsigh mé ag Finck:

**DAM** – *b'e:l / b'íəl* 'biail' (I, 4); *m'ias / m'e:s* 'mias' (I, 7); *e:d / iəd* (I, 193).

Is léir mar sin go n-aithníonn Finck go raibh a leithéid le fáil i nGaeilge Oileáin Árann ag an am, ach ní abraíonn sé tada maidir lena dháileadh ó thaobh suímh de – .i. ar bhain sé le hoileán amháin seachas le hoileán eile – nó go deimhin ar bhain sé le ceantar amháin d'oileán amháin seachas le ceantar eile. Is é an scéal céanna é ag Ó Máille<sup>33</sup> agus ag Ó Murchú.<sup>34</sup>

Maidir le Pedersen is cosúil nach bhfaightear a leithéid de mhalartú i gcaint a phríomhfhaisnéiseora, Máirtín Neile, ach go fíorannamh, ach faightear é i scéal amháin a bhailigh Pedersen ó fhaisnéiseoir eile dá chuid.<sup>35</sup> Má bhreathnaíonn muid ar leaganacha den fhocal 'mias' atá le fáil inar foilsíodh de scéalta Mháirtín Neile, is dóigh liom gur féidir linn dhá shampla de a shonrú freisin.<sup>36</sup> Seo liosta iomlán na samplaí agus iarracht déanta agam a mhíniú cén fhoirm den fhocal atá á húsáid:

1. '... gan an dar(n)a béilí a ithe ar aon *mhéis* ...' [6x];<sup>37</sup> 'ar an dá *mhéis* óir seo' / 'ar an dá *mhéis* sin' / 'thug sé dhá *mhéis* eile leis' / 'le dhá *mhéis* eile'<sup>38</sup> – foirm an tabharthaigh uatha/ foirm dhéach;

<sup>32</sup> An fhoirm chéanna den fhocal seo a thugtar in DAM II, 81 – *d'é:fr'əxə* a iolra (DAM I, 169).

<sup>33</sup> Féach Ó Máille 1927: 51.

<sup>34</sup> Féach Ó Murchú 1992: 121.

<sup>35</sup> Féach Munch-Pedersen 1997: 195 áit a ndeir sé gur 'James Mullen' a bhí ar an duine seo. Deir sé chomh maith nár fhéad sé aon eolas a fháil i dtaobh an fhir seo – féach freisin Munch-Pedersen 1997: 197, fonóta 18.

<sup>36</sup> Baineadh na samplaí seo uile as na scéalta a bailíodh ó Mháirtín Neile atá i gcló in Pedersen/ Munch-Pedersen 1994.

<sup>37</sup> Pedersen/ Munch-Pedersen 1994: 24; 39; 40; 41; 84; 87. Glacaimse leis gurb é tabharthach uatha stairiúil an fhocail 'mias' atá anseo. Léiríonn na samplaí seo a leanas as an bhfoinse chéanna go raibh sainfhoirm thabharthach na n-ainmfhocal baininscneach in úsáid fós – taobh amuigh de chásanna stílithe na gcóiracha catha – i nGaeilge Árann an uair úd: 'sa lathaigh' (9); 'ag/ ar/ leis an gcailligh' (39 [2x]; 123; 124; 235); 'don chailligh' (257); 'ag/ leis an mbaintrigh' (30; 47 [2x]); 'don bhaintrigh' (30 [2x]; 147); 'as mo/ a c(h)éill' (51; 141; 236; 243); 'ar an gcirc' (102 [2x]); 'ón gcroich' (138); 'i(nsa) neid' (35; 36; 162; 163); 'ar mhoing' (140); 'ar an gcleoich' (192 [2x]); 'ag ceártain' (210); 'ar a cluais' (255); 'ar chluais ar an muic' (260); 'lena chiotóig' (284) 'faoi[na] cích' (302); 'ar/ ina láimh' (123; 272; 279; 293 srl.).

2. ‘...thug sé na trí *mhas* leis’ – foirm an ainmnigh uatha agus séimhiú uirthi mar gheall ar an uimhir;
3. ‘‘An saghas seo *mias*’, adeir sé, ...’ – foirm an ainmnigh uatha áit a mbeifí ag súil le foirm an ghinidigh uatha;
4. ‘Tiúrfaidh mé péire acab, de na *miasa* óir ...’ – foirm an (tabharthaigh) iolra;
5. ‘...an saghas sin *miasa* atá tú ...’ – foirm an (ainmnigh) iolra áit a mbeifí ag súil le foirm an ghinidigh uatha;
6. ‘Tá naoi *méis* óir agus iad lán ...’ / ‘Bhí na naoi *méis* óir lán le chuile shórt bia orthab ...’

Maidir leis an dá shampla dheireanacha seo is dóigh liomsa gurb éard atá iontu ainmneach uatha nua ina bhfeictear an t-aonfhoghrú atá faoi chaibidil againn.<sup>39</sup>

Athrú eile atá díreach ar aon dul le ‘ia’ go ‘é’ is ea aonfhoghrú an défhoghair [uə] go [o:] – tréith shuntasach de Ghaeilge Cheann Thoir Árann é seo freisin. Ní fhaightear é sa Cheann Thiar. Ach an oiread leis an aonfhoghrú eile tá ‘ua’ go ‘ó’ roghnach i gcaint Anna Ní Iarnáin (Nan Ellen). Seo roinnt samplaí den aonfhoghrú seo a bhailigh mé uaithi:

*Ceann Thoir Árann* – so:s ‘suas’; o: ho: ‘ó thuaidh’; ko:rt’o:r’i: ‘cuairteoirí’; o:r’ ‘uair’.

Ní bhfuair mé aon sampla den aonfhoghrú seo i nGaeilge Inis Meáin ná i nGaeilge Inis Oírr. Níl aon sampla de aimsithe agam in DAM ach an oiread. Tá sampla amháin, b’fheidir, ag Máirtín Neile, mar atá:

‘*Cailleach na hUamhnach*: ‘Cailleach na [h:orek]<sup>40</sup> nó [hu:rek] nó [ho:rek’] nó [hu:rek’]’ atá sa ls. ...’ (Pedersen/ Munch-Pedersen 1994: 39).

An chéad tréith eile a bheas mé a phlé, baineann sí le réalú ‘t’ nó ‘th’ in aimsir fháistineach agus i modh coinníollach an bhriathair ‘tabhair’. Is chuige seo atá mé: an ‘t’ leathan nó ‘t’ caol atá ann i gcás na haimsire fáistíní agus an h nó ‘ch’ caol atá i gceist i gcás an mhodha choinníollaigh? Tá córas dá chuid féin ag gach oileán sa lá atá inniu ann mar atá léirithe thíos:

<sup>38</sup> Tá na samplaí seo uilig agus na samplaí eile a luaitear in 2. – 6. le fáil in Pedersen/ Munch-Pedersen 1994: 134.

<sup>39</sup> D’aimsigh mé sampla amháin den fhocal ‘dias’ in Pedersen/ Munch-Pedersen 1994 – ‘chuile dhias’ (299) ach baineann an sampla seo le scéal a bailíodh ní ó Mháirtín Neile ach ó fhear eile darbh ainm ‘Pad Mollen’ – fear nach féidir a dhéanamh amach anois cérbh é go díreach (Pedersen/ Munch-Pedersen 1994: xx; Munch-Pedersen 1997: 189).

<sup>40</sup> *Recte* [ho:rek]’?

*Árainn* – fáist.: **t'** - nó **x' / h**<sup>41</sup> – (foirm shéimhithe) / coinn.: **x'** -;

*Inis Meáin* – fáist.: **t'** - nó **h**- (foirm shéimhithe) / coinn.: **x'** - nó **h**- (foirm shéimhithe);

*Inis Oírr* – fáist.: **t**- (**t'**- go hannamh) nó **h**- (foirm shéimhithe) / coinn.: **h**-.

Má bhreathnaíonn muid siar ar fhianaise iomlán DAM<sup>42</sup> feicfidh muid go réitíonn na samplaí atá ag Finck leis an gcóras a luaitear le hÁrainn thuas. Is é an scéal céanna é ag Pedersen de réir mar is féidir liom a dhéanamh amach. Tá sé fforspéisiúil nach bhfuil aon sampla de chóras Inis Oírr ag Finck ná ag Pedersen go bhfios domsa. Caithfear an cheist seo a chur: an foirmeacha nua iad seo atá tar éis a theacht chun cinn le céad bliain anuas? Ar an lámh eile de, tá seans maith go bhfuil Gaeilge Chontae an Chláir tar éis dul i bhfeidhm ar Ghaeilge Inis Oírr maidir leis an bpointe seo – ‘t’ leathan agus h amháin a fhaightear i nGaeilge na Mumhan trí chéile<sup>43</sup> áit a bhfaightear ‘t’ caol agus ‘ch’ caol i gConnachta i gcoitinne.<sup>44</sup> Díol spéise é an cuntas a thugtar in DAM ar réalú ‘t’ nó ‘th’ in aimsir fháistineach nó i modh coinnfollach an bhriathair ‘tar’ mar go réitíonn sé go hiomlán leis an dáileadh a fhaightear i nGaeilge Inis Oírr an lae inniu i gcás an bhriathair chéanna:

*DAM/ Inis Oírr* – fáist.: **t'** - nó **h**- (foirm shéimhithe) / coinn.: **x'** - nó **h**- (foirm shéimhithe).

<sup>41</sup> Dúirt an Dr. James Duran i léacht a thug sé in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, an 22 Feabhra 1999 go bhfuil an fhoirm shéimhithe **hu:rə** le fáil sa chuid is faide soir de Cheann Thoir Árann.

<sup>42</sup> Féach, ach go háirithe, DAM I, 83; 89; 147-9; II, 248. Deir Finck (DAM I, 89) agus é ag plé chúrsaí séimhithe go bhfaightear an t-athrú **t' > h** nó **x'** in aimsir fháistineach agus i modh coinnfollach an bhriathair ‘tabhair’. Maidir leis an athrú **t' > h** sa chás áirithe seo ní mór a rá nach luaitear é in aon áit eile in DAM ina bpléitear an briathar ‘tabhair’ ná níor tháinig mé féin ar oiread agus sampla amháin de sa leabhar.

<sup>43</sup> Féach Ua Súilleabháin 1994: 532-3.

<sup>44</sup> Is in Hartmann *et al.* (1996, Iml. 2: 39) a tháinig mise ar na chéad samplaí in Iarthar Chonnacht de ‘t’ leathan agus h sa mhodh coinnfollach – trí cinn atá ann ó thriúr cainteoirí difriúla. Ach is léir go bhfuil an nós seo níos coitianta i gConnachta trí chéile ná mar a shíltear – féach freisin (i) Ó Giollagáin 1999: 309: ‘... chomh maith leis na réalta rialta maidir le séimhiú ar /f/ agus /t/ tosaigh → /x'/, faightear an claochlú tosaigh /h/ i gcás na mbriathra *tar* agus *tabhair*, m.sh., *thiocfadh hukəx*; *thabharfadh xu:rhəx* [sic]...’; (ii) Lavin 1958-61: 14: ‘Exceptionally, initial palatal *th > x'* in *thiocfadh*, and *thiobradh*, *x' u: rəx*. S. Ó Dubhthaigh [príomhfhaisnéiseoir Lavin], however, renders *thiocfadh*, *huki*’; (iii) Ó Curnáin 1996: 5-450: ‘Conditional ... *x' u: rhəx*, *hju: rhəx*, *hu: rhəx*.’ Deir Ó Curnáin freisin (1996: 5-451) go bhfaightear idir **x'** agus **h** tosaigh i modh coinnfollach an bhriathair ‘tar’.

Tugtar faoi deara go bhfaightear **h** amháin sna foirmeacha séimhithe. Díol suntais é i gcás DAM nár ceadáíodh 'ch' caol tar éis guta cúil i gcás an bhriathair 'tar' ach gur ceadáíodh é sa suíomh céanna i gcás an bhriathair 'tabhair' mar a chonaic muid cheana.<sup>45</sup>

Ba mhaith liom m'aghaidh a thabhairt anois ar thréith eile a thugann léargas dúinn ar dhifríochtaí i gcanúintí Oileáin Árann – an t-athrú 'n' go 'r' i gcaim áirithe consan atá i gceist agam. Tugann Ó Siadhail (1989: 95) achoimre ghinearálta ar an rialail seo –

'..., in word-initial position *n* is changed to *r* following any consonant except *s* (or /*h*/ due to lenition of an original *s*).'

Ní fhaightear an t-athrú seo i nGaeilge Árann an lae inniu ach go fíórannamh – níor chuala mise 'r' in áit 'n' ach amháin san fhocal 'cniotáil'.<sup>46</sup> Mar sin is 'n' a bhíonn ag muintir Árann in 'cnoc', 'mná' srl.<sup>47</sup> A mhalairt atá fíor i nGaeilge Inis Meáin agus i nGaeilge Inis Oírr – 'r' seachas 'n' a chloistear sa dá oileán. Is é Ó Coigligh (1995) an cuntas is deireanaí a cuireadh ar fáil maidir le Gaeilge Inis Meáin. Seo a bhfuil le rá aigesean i dtaobh an athraithe áirithe seo (Ó Coigligh 1995: 256):

**/kn/ > /kr/**

Faightear **/kn/** [*recte* **/kr/**] in áit **/kn/** i gcónaí mar is léir ó na samplaí seo a leanas: ... **kruka:n** ... cnocán ... **kruk** ... cnoc.

Is léir, áfach, ó Wagner 1966:151-60 go raibh nós an 'n' níos coitianta i nGaeilge Inis Meáin nuair a bailíodh an t-ábhar úd sa bhliain 1953 – cúigear faisnéiseoirí a bhí ag Myles Dillon, an té a bhailigh ábhar Inis Meáin an t-am sin. Díol suntais é go n-abraíonn Krauss (1958: 50) maidir le 'n'-anna sa suíomh seo go bhfuil siad 'rare or present only in the minority of idiolects' – rinne Krauss a chuid taighde in Inis Meáin idir 1956-7. Ní luann Duran (1994 agus 1995) tada maidir leis an athru 'n' go 'r' i gcás Ghaeilge Inis Meáin.

Maidir le DAM ní fhaightear an t-athrú 'n' go 'r' ach amháin i gcás na bhfocal 'cnoc' agus 'cnagaire' áit ar chuala Finck idir 'n' agus 'r' iontu.<sup>48</sup>

<sup>45</sup> Maidir leis an mbriathar 'tar' bhí malartú idir 't' leathan agus 't' caol sa mhodh ordaitheach ag Máirtín Neile mar is léir ó na samplaí seo a leanas atá le fáil in Pedersen/Munch-Pedersen 1994: 'tagaf'/'teagaf' (15); 'tar' (258); 'teara' (99 srl.).

<sup>46</sup> Deir Ó Murchú (1998: 70) go bhfaightear 'r' in áit 'n' chomh maith san fhocal 'léimneach' i nGaeilge Árann.

<sup>47</sup> Ní fíor do thuairim Uí Shíadhail (1989: 96) gur 'r' a bhíonn i bhfocail den sórt seo i nGaeilge Árann.

<sup>48</sup> Féach DAM II, 156 agus 162 faoi seach. Ní mór a lua freisin go bhfaightear idir 'n' (an t-athrú 'r' > 'n') agus 'r' i gcás an fhocail 'cruimh' (II, 155).

Tá neart samplaí den athrú le fáil, ámh, in Pedersen 1897, 1909-13. Deir Pedersen gur chuala sé trí fhuaimniú in Árainn – ‘n’, ‘r’ in áit ‘n’, agus ‘n’ in áit ‘r’.<sup>49</sup>

Ar deireadh ba mhaith liom díriú ar dhá thréith faoi leith a bhaineann le Gaeilge Inis Oírr an lae inniu:

(1) s a chuirtear go minic idir réamhfhocail shimplí<sup>50</sup> a bhfuil guta deiridh acu agus ‘na’ – iolra an ailt – féach, m.sh.:

*Inis Oírr* – l’*esnə* ‘leis na’; *gəsnə* ‘do/ de na’; *fi:snə* ‘faoi na’; *o:snə* ‘ó na’<sup>51</sup>.

Ní fhaightear a leithéid i nGaeilge Inis Meáin ná i nGaeilge Árann ach amháin i gcás an réamhfhocail ‘i’<sup>52</sup> mar a bhfuil bunús stairiúil leis. Maidir leis na réamhfhocail shimplí eile a bhfuil guta deiridh acu ní heol dom aon sampla eile den fhorás céanna seo a bheith i nGaeilge Chúige Chonnacht, ach is é is coitianta i nGaeilge na Mumhan.<sup>53</sup>

Ag breathnú siar dúinn ar fhianaise DAM feicfidh muid nach bhfaightear aon sampla den fhorás seo ann ach amháin i gcás an réamhfhocail ‘i’.<sup>54</sup> Maidir lenar bhailigh Pedersen is cosúil go raibh ‘isna’, ‘sna’ agus ‘insna’ uilig ag

<sup>49</sup> Pléitear an t-ábhar seo go mion in Ó Catháin 1993a agus in Munch-Pedersen 1997: 193-4.

<sup>50</sup> Is léir freisin go bhfeidhmíonn ‘go dtí’ mar réamhfhocail simplí freisin i nGaeilge Inis Oírr mar faightear *gə d’i:snə* ‘go dtí na’ go coitianta. Is é an scéal céanna é maidir le Gaeilge an Chláir, féach na samplaí seo a leanas in Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981: ‘go díos na tionóintithe’ (130); ‘go díosna buailteóirithe’ (133); ‘go díos na páistí’ (175); ‘go díos na faoisdíní’ (192); ‘go dísna córsain’ (203).

<sup>51</sup> Chuala mé sampla amháin d’úsáid ‘sna’ ar lorg an réamhfhocail ‘ar’. Is ag Peadar Seoighe (Peadar Charlie) as Baile an Fhormna a bhásaigh i 1992 in aois a chúig bliana agus ceithre fichid a chuala mé é. Bhí sé ag caint faoi rud a shíl sé a dhéanfadh dochar do na fataí agus is éard a dúirt sé: ‘Tá’n deabhal air arsna fataí.’ D’fhéadfaí léamh eile a dhéanamh air seo, áfach, .i. gur athrá nó athsmaoineamh a bhí i gceist ag an gcainteoir: ‘Tá’n deabhal air, air, sna fataí.’

<sup>52</sup> Faightear ‘(i)sna’ agus ‘insna’ i nGaeilge Inis Oírr chomh maith, féach, m.sh., Wagner 1966: 145, ceist 792; 150, *sub* ‘siopa’; 151, *sub* ‘tá’.

<sup>53</sup> Féach Ua Súilleabháin 1994: 503 maidir le Corca Dhuibhne agus le Múscraí, agus féach na samplaí seo a leanas in Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981 maidir le Contae an Chláir, áit a bhfaightear an dá nós: ‘dosna capaille glasa’ (17); ‘dosna táilliúir’ (100); ‘fésna froitheacha’ (20); ‘do rogha gosna cluite sin’ (30); ‘Lá dosna laethanta’ (42); ‘duine ‘osna fearaibh’ (301); ‘math dhosna páistí seo’ (178); ‘tríos na crainn’ (101); ‘tríosna móinéir’ (122); ‘trísna talúintí’ (201); ‘ósna tehanna’ (149); ‘isna Flaithis’ (191); ‘i’s na Flathais árda’ (320); ‘a’ chuid eile gona seiribhfsig’ (145); ‘leis na sean-daoine’ (7); ‘go leor eile go na scéalta’ (7).

<sup>54</sup> Féach *snə* ‘sna’ (II, 98) – is cosúil nár chuala Finck na leaganacha ‘isna’ agus ‘insna’.

Máirtín Neile.<sup>55</sup> Maidir le s a bheith in úsáid i gcás réamhfhocal eile roimh an alt iolra níor tháinig mé ach ar aon sampla amháin de. Sampla é seo a fhaightear faoin gceannfhocal *dyne* ('duine') san fhoclóir neamhfhoilsithe a thionsaigh Pedersen in *Árainn: les na dy:ne*<sup>56</sup> *boxtə* 'leis na daoine bochta'.

(2) aidiachtaí aonsiollacha a bhfuil guta fada nó défhoghar acu mar fhuaim dheiridh sa bhunchéim, uimhir uatha, is minic a chuirtear '-cha' leo sa bhunchéim uimhir iolra –

*Inis Oírr* – *b' r' a: xə* 'breátha', *kruə xə* 'crua'.

Baineann an nós seo le roinnt aidiachtaí aonsiollacha eile cosúil le 'dubh', 'tiubh', agus 'te' a bhfuil guta gearr acu mar fhuaim dheiridh san uatha ach a bhfuil guta fada san iolra sa chás go n-infilltear san iolra iad. Féach, mar shampla:

*Inis Oírr* – *ə k' a: n mo: r do* 'an ceann mór dubh' (Wagner 1966: 146, ceist 825); *e: nə xi: mo: rə dū: xə* 'éanacha móra dubha' (Wagner 1966: 149, *sub éan*).

Díol spéise é go bhfaightear an tsainfhoirm iolra seo go fiú i gcóracha catha scéalaíocht Inis Oírr – an dá shampla is túisce di atá aimsithe agam go nuige seo bailíodh iad sa bhliain 1932 ón scéalaí Seosamh Ó Flaithearta (Joe Mháirtín) a luadh cheana:

' "Anois," adeir an fách, adúirt sé, "cé is fear leat a ghoil ag iomrasgáil, ..., ar leaca maola cruacha [= 'crua'] dearga, ..., nó ghoil go sgeana 'mbár easnacha?' " "Ó!" deir Mac Diarmad Donn, adúirt sé, "b' fheár liom, ..., ghoil ag iomrasgáil, ..., ar leaca maola cruacha dearga ..." ' (Dillon 1939: 11).

Maidir le scéalta eile an scéalaí chéanna atá le fáil i Roinn Bhéaloideas Éireann agus a bailíodh idir 1957-8 is í an fhoirm chéanna den aidiacht a fhaightear gach uair ach gurb é an seanlitriú a úsáidtear iontu, féach, mar shampla:

<sup>55</sup> Féach Pedersen/ Munch-Pedersen 1994 – m.sh., 'isna páipéir' (33; 186; 187); 'isna chúig áiléar' (126); 'isna barracks' (138); 'insna nuaíochtaí' (32); 'le Dia isna flaithis' (174); 'insna málaí' (65); 'insna ceithre cinn' (231); 'léigh mise/mé sna páipéir' (31; 44).

<sup>56</sup> Tá idirstad curtha isteach agamsa san áit a raibh macran ag Pedersen sa ls.. Is ó Mháirtín Neile a bailíodh é seo.

‘ “Cé’s fearr leat a ghoil ag iomrascáil” adeir sé “ar leaca maola cruadhacha [= ‘crua’] dearga” adeir sé “ná ghoil go sceana i mbárr easnaidheacha.” “B’fhearr liom a ghoil ag iomrascáil,” adeir mac rí i nÉirinn, adeir sé “ar leaca maola cruadhacha dearga ...” (RBÉ 1488: 168).

Úsáidtear foirm uatha na n-aidiachtaí seo mar fhoirm iolra chomh maith mar is léir ó na samplaí seo a leanas:

*Inis Oírr* – f’iəklə b’r’ɑ: ‘fiacra breátha’ (Wagner 1966: 143, ceist 437);  
**klauti: dī** ‘clabhtaí dubha’ (Wagner 1966: 146, ceist 890).

Tá feiniméan seo an ‘-cha’ le fáil i nGaeilge Chontae an Chláir<sup>57</sup> freisin agus tuairiscítear ‘-he’ agus an fheidhm chéanna aige a bheith i nGaeilge Chorca Dhuibhne.<sup>58</sup>

Ní mór dúinn a rá i gcás Ghaeilge Inis Oírr go mbíonn dhá fheidhm ag foirmeacha aidiaichtaí ar nós ‘breácha’, ‘cruacha’ srl. – (1) foirmeacha iolra iad mar a míníodh thuas; (2) foirmeacha breischéime/ sárchéime iad chomh maith, féach, m.sh.:

*Inis Oírr* – n’i:ʃt’o:xə ‘níos teo’ (Wagner 1966: 146, ceist 868); ‘Sé’n t-amadán bocht is réidhcha [= ‘réidhe’] ar fuid a’ Domhain ar fad é ...’ (Seosamh Ó Flaithearta (Joe Mháirtín), RBÉ 1544: 318).<sup>59</sup>

Feidhm na breischéime/ sárchéime amháin a bhíonn ag an ‘-cha’ seo i nGaeilge Inis Meáin agus Árann agus i gcanúintí eile de Ghaeilge Chúige Chonnacht. Úsáidtear an deireadh -xɫ’ə i nGaeilge Oileáin Árann freisin don bhreischéim agus don tsárchéim<sup>60</sup> mar a dhéantar i gConnachta i gcoitinne.<sup>61</sup>

Níl aon sampla de shainfhoirm iolra na n-aidiachtaí mar a úsáidtear i nGaeilge Inis Oírr an lae inniu í le fáil in DAM ná san ábhar a bhailigh Pedersen chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach. De réir an

<sup>57</sup> Féach na samplaí seo a leanas atá le fáil in Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981: ‘na capaille ruacha’ (17 [3x]); ‘miogóidí breácha’ (107); ‘gealúin bhuíocha’ (135; 136); ‘pluideanna teócha’ (180); ‘trí stríoc dhúcha’ (243); ‘tehanna nócha’ (277).

<sup>58</sup> Breatnach 1963: 254.

<sup>59</sup> Mar sin atá an scéal i gcás Ghaeilge Cho. an Chláir freisin – maidir le samplaí de fheidhm na breischéime agus na sárchéime féach na samplaí seo a leanas atá le fáil in Ó Duilearga/ Ó hÓgáin 1981: ‘is breácha’ / ‘níos breácha’ / ‘ba bhreácha’ (76); ‘níos teócha’ (138).

<sup>60</sup> An sampla is luaithe a d’aimsigh mé is ag Máirtín Neile atá sé – féach Pedersen/ Munch-Pedersen 1994: 157: ‘insa mbealach is réichte’ (157). Féach freisin an t-ainmfhocal b’r’ɑ:xɫ’ə ‘breáthacht’ (DAM II, 53).

<sup>61</sup> Féach Ó hUiginn 1994: 576-7.



chuntais ar infhilleadh na n-aidiachtaí a thugtar in DAM (I, 185-92) bhí an deireadh **-hə** sách coitianta san iolra i gcás infhilleadh aidiachtaí áirithe aonsiollacha a raibh guta mar fhuaim dheiridh acu sa bhunchéim uatha. Seo i mo dhiaidh liosta na n-aidiachtaí atá i gceist:

**DAM** – **t e** ‘te’ > **t o:hə** ‘teo’; **ma** ‘maith’ > **mahə** ‘maithe’; **re**: ‘réidh’ > **re:hə** ‘réidhe’; **b r a**: ‘breá’ > **b r a:hə** ‘breátha’ (I, 190-1).

Ní mór a rá arís go dtugann ábhar DAM le fios go raibh an nós **h** a choinneáil idir gutaí coitianta go leor ag an am. B’fhéidir gurb éard atá le sonrú anseo againn bunús nós an deiridh ‘-cha’ a fhaightear mar shaintréith i nGaeilge Inis Oírr agus an forás **h** > **x**<sup>62</sup> a bheith imithe i bhfeidhm. Forás é seo a bhfuil fianaise eile air i nGaeilge Inis Oírr<sup>63</sup> agus i gcanúintí eile na Gaeilge. Forás é chomh maith a sheachnaíonn fadhb an tséanais agus fadhbanna fhadú/dhéfhoghrú/ chomshamhlú gutaí a éiríonn de bharr imeacht as **h** idir gutaí.

### Tagairtí agus Noda

- Bentzen, R. [eag.] (1994) *Ung Sprogforsker på Rejse: Breve fra og til Holger Pedersen 1892-1896*. København.
- Best, R. I. (1992<sup>3</sup>) *Bibliography of Irish Philology and of Printed Irish Literature: to 1912*. Dublin.
- Breathnach, D./ Ní Mhurchú, M. (1997) *1882-1982: Beathaisnéis a Cúig. Baile Átha Cliath*.
- Breatnach, R.A. (1963) ‘Roint Fuirmeacha Aidiachta: (b) An Críochnúchán Nua *-he*’, *Celtica* 6, 254.
- DAM = Finck (1899).
- de Bhaldraithe, T. (1975<sup>3</sup>) *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: A Phonetic Study*. Dublin.
- de Bhaldraithe, T. (1953) *Gaeilge Chois Fhairrge: An Deilbhíocht*. Baile Átha Cliath.
- de Búrca, S. (1970<sup>2</sup>) *The Irish of Tourmakeady, Co. Mayo: A Phonemic Study*. Dublin.
- Dillon, M. (1939) ‘An Aran Folktale’, *Éigse* 1, 7-13; 305.

<sup>62</sup> Tá sampla amháin ann in DAM a thugann le fios go raibh an forás seo tosaithe ag an am sin – féach an t-ainmfhocal **b r a:xə** ‘breáthacht’ (II, 53). Ar an lámh eile de breathnaigh **o: hin** ‘ó shin’ (I, 201; II, 52; 232 srl.).

<sup>63</sup> Sampla amháin atá cloiste agam in Inis Oírr is ea **do:xin** ‘dóthain’. Féach freisin **o: xin** ‘ó shin’ atá le fáil i nGaeilge Oileáin Árann agus i nGaeilge Chúige Chonnacht i gcoitinne.

- Dillon, M. (1962) 'Phonetic Analogy', in A. Sovijärvi/ P. Aalto [eds] *Proceedings of the Fourth International Congress of Phonetic Sciences*. The Hague, 577-579.
- Duran, J. (1994) 'The Irish Language in Aran', in J. Wadell/ J.W. O'Connell and A. Korff [eds] *The Book of Aran*. Newtownlynch, 253-259.
- Duran, J. (1995) 'Branching Trees, Waves, and Rising Tides: Some Reflections on the Notions of "Speech Community" and "Diffusion of Linguistic Traits"', *Journal of Celtic Linguistics* 4, 77-88.
- Finck, F.N. (1896) 'Vier neuirische Zaubersprüche', *Zeitschrift des Vereins für Volkskunde* 6, 88-92.
- Finck, F.N. (1896a) *Wörterbuch der auf den Araninseln gesprochenen westirischen mundart*. Marburg.
- Finck, F.N. (1899) *Die araner mundart: Ein beitrage zur erforschung des westirischen. I. Grammatik. II. Wörterbuch*. Marburg.
- Hartmann, H/ de Bhaldraithe, T. und Ó hUiginn, R. [Hrsgg.] (1996) *Airneán: Eine Sammlung von Texten aus Carna, Co. na Gaillimhe*. Band I-II. Tübingen.
- Krauss, M. E. (1958) *Studies in Irish Gaelic Phonology and Orthography*. Harvard. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D.
- LASID = Wagner 1958a.
- Lavin, T.J. (1958-61) 'Notes on the Irish of East Mayo: 2', *Éigse* 9, 10-17.
- Mac an Iomaire, S. (1938) *Cladaigh Chonamara*. Baile Átha Cliath.
- McCone, K./ McManus, D./ Ó Háinle, C./ Williams, N. agus Breatnach, L. [eagf] (1994) *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad.
- Mhac an Fhailigh, É. (1980<sup>2</sup>) *The Irish of Erris, Co. Mayo: A Phonemic Study*. Dublin.
- Mühlhausen, L. (1942) 'Literaturverzeichnis zur Phonetik der keltischen Sprachen', *Archiv für vergleichende Phonetik* 6, 130-134.
- Munch-Pedersen, O. (1989) 'Cur síos ar Sheanchaí amháin a Thug Scéalta do Jeremiah Curtin', in P. Ó Fiannachta [eag.] *Thaitin sé le Peig. Iris na hOidhreachta*. Iml. I, 123-143.
- Munch-Pedersen, O. (1991) 'Holger Pedersen's Visit to Aran', in B. Bramsbäck [ed.] *Societas Celtologica Nordica. Proceedings of Inaugural Meeting and First Symposium 26 May 1990 at Uppsala University*. Uppsala, 75-83.
- Munch-Pedersen, O. (1997) 'Holger Pedersen's Aran Notebooks as a Source for Dialect Studies', in F. Josephson [ed.] *Celts and Vikings: Proceedings of the Fourth Symposium of Societas Celtologica Nordica*. Göteborg, 187-198.
- Ó Catháin, B. (1993) 'Drei Neuerungen im Irischen von Inis Oírr, Co. Galway', in M. Rockel/ S. Zimmer [Hrsgg.] *Akten des ersten Symposiums deutschsprachiger Keltologen*. Tübingen, 199-207.
- Ó Catháin, B. (1993a) 'Nóta ar R in áit N i nGaeilge Árann', *Éigse* 27, 98-100.

- Ó Coigligh, C. (1995) *Ainmneacha Daoine agus Áiteacha in Inis Meáin, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe*. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D.
- Ó Curnáin, B. (1996) *Aspects of the Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. Ollscoil na hÉireann. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D.
- Ó Duilearga, S./ Ó hÓgáin, D. (1981) *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Baile Átha Cliath.
- Ó Flannagáin, D. (1985) *Ó Thrá Anoir*. Cathair na Mart.
- Ó Giollagáin, C. [eag.] (1999) *Stairsheanchas Mhicil Chonraí: Ón Máimín go Ráth Chairn*. Indreabhán.
- Ó hUiginn, R. (1994) 'Gaeilge Chonnacht', in K. McCone *et al.* [eagf] (1994) 539-609.
- Ó Máille, T. (1927) *Urlabhraidheacht agus Graiméar na Gaedhilge*. Baile Átha Cliath.
- Ó Máille, T. S. (1957) 'Ára mar Áitainm', *Galvia* 4, 54-65.
- Ó Murchú, S. (1991) 'Nótaí Canúna ó Árann, Co. na Gaillimhe', *Éigse* 25, 95-101.
- Ó Murchú, S. (1992) 'An t-Ainm Áite Inis Oírr', *Éigse* 26, 119-123.
- Ó Murchú, S. (1998) 'Gaeilge Árann', in S. Ó Murchú *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara*, Baile Átha Cliath, 70-72.
- Ó Siadhail, M. (1978) *Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin*. Baile Átha Cliath.
- Ó Siadhail, M. (1989) *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation*. Cambridge.
- Pedersen, H. (1896) 'Zu den neuirischen Zaubersprüchen', *Zeitschrift des Vereins für Volkskunde* 6, 192-196.
- Pedersen, H. (1897) *Aspirationen i Irsk*. Leipzig.
- Pedersen, H. (1899) 'Die aspiration im Irischen. II', *Zeitschrift für vergleichende Sprachforschung* 35, (Neue Folge Band 15) 315-444.
- Pedersen, H. (1899a) Achoimre Ghearmáinise de Phedersen (1897). *Zeitschrift für celtische Philologie* 2, 193-204.
- Pedersen, H. (1900) Léirmheas ar Fhinck (1899). *Indogermanische Forschungen* 11, 108-111.
- Pedersen, H. (1909-1913) *Vergleichende Grammatik der keltischen Sprachen*. Göttingen.
- Pedersen, H./ Munch-Pedersen, O. (1994) *Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árann*. Baile Átha Cliath.
- Robinson, T. (1992) 'Place/ Person/ Book: Synges *The Aran Islands*', in J. M. Synges *The Aran Islands*. Middlesex, vii-1.
- Robinson, T. (1995) *Stones of Aran: Labyrinth*. Dublin.
- Sommerfelt, A. (1954) 'In Memoriam Holger Pedersen: 1867-1953', *Orbis* 3, 343-346.

- Stern, L. (1899) Léirmheas ar Fhinck (1896a). *Zeitschrift für celtische Philologie* 2, 414-416.
- Stern, L. (1901) Léirmheas ar Fhinck (1899). *Zeitschrift für celtische Philologie* 3, 436-437.
- Ua Súilleabháin, S. (1994) 'Gaeilge na Mumhan', in K. McCone *et al.* [eagí] (1994) 479-538.
- Thurneysen, R. (1902) Léirmheas ar Fhinck (1899). *Literarisches Centralblatt für Deutschland* 53 Jahrgang, Nr. 34, 1147.
- Tristram, H. L. C. [Hrsg.] (1990) *Deutsche, Kelten und Iren: 150 Jahre Deutsche Keltologie*. Hamburg.
- Wagner, H. (1958) 'A Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects', *Lochlann* 1, 9-48.
- Wagner, H. (1958a) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Vol.1. Dublin.
- Wagner, H. (1966) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Vol.3. Dublin.
- Wahrig-Burfeind, R. (1986) 'Franz Nikolaus Fincks Konzeption der Sprachwissenschaft (1. Teil)', *Papiere zur Linguistik* 34, 3-46.
- Wahrig-Burfeind, R. (1986a) 'Franz Nikolaus Fincks Konzeption der Sprachwissenschaft (2. Teil)', *Papiere zur Linguistik* 35, 39-53.
- Zimmer, H. (1900) Léirmheas ar Fhinck (1899). *Deutsche Literaturzeitung* 21, 1249-1254.